C/2025/3347

16.6.2025

Ráiteas Comhpháirteach ón gComhairle agus ón gCoimisiún

(C/2025/3347)

1. Déanfaidh an Coimisiún treoirlínte a ghlacadh agus a fhoilsiú mar a fhoráiltear in Airteagal 42 den Rialachán. Soláthróidh siad treoshuíomh agus treoir neamhcheangailteach d'oibreoirí chun cur i bhfeidhm an Rialacháin a éascú. Áireofar sna Treoirlínte sin, i measc nithe eile, faisnéis a bhaineann le prionsabail agus nósanna imeachta cigireachta. Tuigtear nach gcruthóidh na Treoirlínte aon chearta ná aon oibleagáidí dlíthiúla agus gurb é an Rialachán an ionstraim cheangailteach i gcónaí a mbeidh tosaíocht aici i gcás aon éagsúlacht idir an Rialachán agus na Treoirlínte.

2. Ach iad cloí leis na Treoirlínte, tuigtear go n-áiritheodh na hoibreoirí go bhfuil siad i gcomhréir le forálacha an Rialacháin a ndírítear orthu sna Treoirlínte.

3. Leanfaidh na Treoirlínte arna nglacadh faoi Rialachán (Euratom) Uimh. 302/2005 ([1]) ón gCoimisiún, i.e. Moladh ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2005 (2006/40/Euratom) ([2]), de bheith ina dtreoir ag oibreoirí maidir leis na gnéithe ábhartha lena n-áirítear tar éis theacht i bhfeidhm Rialachán (Euratom) [2025/974] ([3]) go dtí go nglacfar na Treoirlínte nuashonraithe. Beidh na Treoirlínte nuashonraithe ar fáil roimh dháta chur i bhfeidhm Iarscríbhinní III go VII agus X.

4. Déanfaidh an Coimisiún na forbairtí i réimse na gcoimircí a leanúint agus déanfaidh sé faireachán ar chur i bhfeidhm an Rialacháin. Féadfaidh an Coimisiún, ar an mbonn sin, na Treoirlínte a leasú mar is iomchuí. Sula nglacfar aon leasú, tabharfaidh an Coimisiún faoi dhul i gcomhairle le geallsealbhóirí agus leis na Ballstáit. Agus na leasuithe sin á nglacadh, déanfaidh an Coimisiún na seasaimh a léiríodh sna comhairliúcháin sin a chur san áireamh.

5. Tuigtear gurb í an Mheitheal um Cheisteanna Adamhacha, i bhfoirmíocht oiriúnach, an fóram don chomhairliúchán leis na Ballstáit.

6. Aithníonn an Coimisiún go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh forálacha coimirce áirithe ag suiteálacha ábhartha atá cothrom le dáta chun coimircí Euratom a chur chun feidhme. Ós rud é go bhfuil suiteálacha faoi réir coimircí IAEA freisin i gceist in go leor cásanna, is gné thábhachtach é ceangaltán saoráide atá cothrom le dáta a bheith ann le IAEA chun go bhféadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh maidir le forálacha coimircí áirithe atá cothrom le dáta le haghaidh na suiteála ábhartha.

7. Leanfaidh an Coimisiún de bheith i dteagmháil le IAEA agus é mar aidhm aige teacht ar chomhaontú maidir le ceangaltáin saoráide atá cothrom le dáta do gach suiteáil sa Chomhphobal a bhfuil sé sin ábhartha ina leith.

([1]) IO L 54, 28.2.2005, lch. 1.
([2]) IO L 28, 1.2.2006, lch. 1.
([3]) IO L, 2025/974, 16.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/974/oj.